Gníomhaíocht 2: An Fhianaise a mheá

Seans go mbeidh ort roinnt cairde a earcú don ghníomhaíocht seo, mar tá go leor áiteanna arbh fhéidir go raibh Contúirt na Dramhaíola Plaistigh ann!

Leid: Tá glantóirí agus feighlithe na scoile an-mhaith mar "finnéithe" mar sin de bain triail as iad a earcú le cuidiú leat Contúirt na Dramhaíola Plaistigh a aimsiú.

Beidh scálaí ag teastáil uait chun meáchan gach bosca bruscair i ngach seomra ranga a ríomh fud fad na scoile:

Suíomh	Meáchan na Dramhaíola				
	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
Seomra Ranga					
Bialann					
Oifig					
Clóis Shúgartha					
Iomlán					

Déan an bosca bruscair nó an gabhdán i ngach suíomh a mheá sula bhfolmhaítear é agus arís tar éis a fholmhaithe. Déan nóta den difear eatarthu agus ansin cuir na luachanna le chéile

D'fhéadfá é sin a dhéanamh thar roinnt laethanta le gur féidir leat sonraí níos cruinne a fháil ar an méid dramhaíola atá á tháirgeadh sna háiteanna éagsúla. Féadann tú fiú na difríochtaí idir bliainghrúpaí nó seomraí ranga a thaifeadadh. Ar an iomlán, ba chóir go mbeadh tábla agat a bheadh cosúil leis an tábla atá le feiceáil anseo!

Is fút féin atá dearadh an tábla agus beidh a lán sonraí ann ar féidir leat anailís a dhéanamh orthu ar go leor bealaí suimiúla! Trí anailís a dhéanamh ar na sonraí beidh tú ábalta an áit i do scoil ina bhfuil Contúirt na Dramhaíola ag caitheamh an chuid is mó dá cuid ama i do scoil a aimsiú!